

Title	An amhránaíocht dúchais agus gluaiseacht na hathbheochana sna Déise ag tús an 20ú haois
Authors	Ó Gealbháin, Ciarán
Publication date	2022
Original Citation	Ó Gealbháin, C. (2022) 'An amhránaíocht dúchais agus gluaiseacht na hathbheochana sna Déise ag tús an 20ú haois'. An Linn Bhuí-, 26, pp. 88-101.
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2022, Ciarán Ó Gealbháin
Download date	2026-09-25 19:32:29
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/17356

An Amhránaíocht Dúchais agus Gluaiseacht na hAthbheochana sna Déise ag Tús an 20ú hAois

Ciarán Ó Gealbháin

BHÍ ‘amhráintí den sean-shaol’, mar a thug sé féin orthu, ar na gnéithe sin den saíocht dúchais ba mhó ar fad ba shuim leis an té atá á chomóradh in iris na bliana seo, agus dá chomhartha sin, d’fhág sé againn roinnt alt tábhachtacha in eagráin éagsúla de AN LINN BHUÍ ag cur síos ar amhráintí éagsúla ‘a bhíodh á rá sa Rinn agus sa Sean-Phobal tamall agus atá anois imithe i léig’ (Mac Craith 2015, 179). Gheofaí a rá gur i ndeireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois a bhláthaigh an tsuim sa ngné seo den oidhreacht dúchais in Éirinn. Saothar tionscantach, cuir i gcás, a spreag go leor machnaimh, ní áirím iliomad saothar eile – i nGaelainn agus i mBéarla – ba ea *Abhráin Grádh Chúige Connacht* leis an gCraoibhín Aoibhinn, nó Dubhghlas de hÍde (1860–1949), cnuasach a foilsíodh in 1893, an bhliain chéanna sin inar bhunaíodh Conradh na Gaeilge. Leis an díolaim seo, dhírigh an tÍdeach aird ar an stór éigse a bhí fós ar marthain ar an mbéal beo. Agus an Conradh ag dul i dtreise bliain ar bhliain (agus mar gheall ar a fheabhas is a bhí ag éirí le Eisteddfod na Breataine Bige agus Am Mòd Nàiseanta in Albain), chuireadh crann ar Oireachtas na Gaeilge sa mbliain 1897 (Ó Súilleabháin, 1984), agus ba le bunú an Oireachtais, faoi choimirce an Chonartha, a chromadh ar aitheantas náisiúnta a thabhairt don amhránaíocht dúchais.

Uain na hAthbheochana sa Rinn agus sa Sean-Phobal

Ba sa ré thionscantach sin a thug an timire, Pádraig Ó Cadhla (1875–1948), fear de bhunadh Bhuaile an Mhóintín i gceantar Shliabh gCua, a chéad chuairt oifigiúil ar an Rinn agus an Sean-Phobal. Thug an sagart paróiste¹ cead do, más go drogallach féin é, labhairt leis an bpobal i ndiaidh Aifrinne sa Sean-Phobal, samhradh na bliana 1903. Fuair sé ana-chluas éisteachta, agus chuir sé rang Gaelainne ar siúl do dhaoine fásta dhá oíche sa tseachtain i dtigh na scoile, Baile Mhac Airt (Ó Domhnaill 1987). Bhí freastal maith á dhéanamh ag an bpobal ar na ranganna úd, nó gur tháinig sé chun solais, ar deireadh, go raibh an sagart glan i gcoinne mhúineadh na teangan. Dá fheabhas is a bhí ag éirí le feachtas Uí Chadhla i dteagasc na Gaelainne sa dúthaigh, b’éigean do éirí as sa deireadh. Dá n-éiríodh leis an iarracht sin, cá bhfios ach gur sa Sean-Phobal a bhunófaí Iolscoil na Mumhan ar ball! Thug an Cadhlach a aghaidh ó thuaidh ina dhiaidh sin, áfach, mar ar chas

an Dr Ró-Oirmhinneach Micheál Ó Síothcháin (1870–1945) leis um Cháisc na bliana 1905. Maith mar a tharla: bheartaíodar beirt rang a chur ar bun i mBaile na nGall an samhradh sin a dhéanfadh freastal ar mhuintir na háite agus ar chuairteoirí araon:

Ní raibh teach ná tinteán acu ach páirc oscailte agus an spéir os a gcionn, ach níor chuir san aon droch-mhisneach orthu. Fuaireadar clár-dubh agus bhuaileadar suas i gcoinne Tighe an Bhacaéra é ag bun an bhaile le h-ais na farraige . . . thóg Pádraig blúire cailce amach as a phóca agus luigh sé isteach ar obair na múinteoireachta. *Is mar sin a thosaigh Coláiste na Rinne* (Ó Domhnaill 1987, 17; leis-sean an bhéim).

Liosta le háireamh, chomh fada le scéal na n-amhrán de sa gceantar, na daltaí sin a d'fhreastail 'Scoil an Chalaídh' an chéad lá. Ar an gcomhluadar úd, bhí: Nioclás Tóibín (1890–1966), amhránaí agus údar mórchuid saothar – an t-amhránleabhar *Duanaire Déiseach* (1978) ina measc – agus Seán Ó Cuirrín (1894–1980), fear ar dhein scoláire agus scríbhneoir táscmhar de i bhfad na haimsire, agus a bhí ina meascas an thug roinnt amhrán do Liam de Noraídh agus eisean i mbun bailithe don Choimisiún Béaloideas i gceantar an Rinne sna 1940í.² Ina bhfochairsean, bhí Michéal Ó Cionnfhaolaidh (1887–1956), scríbhneoir, file agus fear déanta amhrán, agus Séamus Ó Ceallaigh (1891–1918), amhránaí binn a thug tréimhse le Cabhlach na Breataine le linn an Chogaidh Mhóir (1914–1918). Chaillleadh an Ceallach go hóg, ach maireann taifead speisialta amháin leis, is an t-amhrán 'Éire' nó 'Aréir is mé go huaigheach' á ghabháil aige, mar a thóg an t-eitneolaí Ostarach, Rudolf Trebitsch, uaidh é sa mbliain 1907.³

Leanadh den obair sin ar an gcaladh go ceann sé seachtaine, samhradh na bliana 1905, ach 'tháinig deallramh a's dáiríre san obair' a deir Maidhc Dháith Turraoin linn 'nuair a cuireadh an coláiste ar bun i mBóthar na Sop' an bhliain dar gcionn (in Ó Cionnfhaolaidh 1956, 151). Thógadh both adhmaid⁴ ar an láthair nua a dhéanfadh gnó seomra scoile go ceann tamaill.⁵ Suimiúil go maith, bhí Seanachánach fir ó Cheann an Bhathala ar dhuine acu sin a thóg (Ó Domhnaill 1987) – seanathair (ó thaobh na máthar de) an amhránaí cháiliúil, Nioclás Tóibín (1928–1994), an té ba mhó ar fad, ar ndóigh, a tharraingeodh clú ar Rinn Ó gCuanach agus ar Ghaeltacht na nDéise amach sa 20ú haois. Chuireadh chun oibre ar Bhóthar na Sop an chéad lá de mhí dheireadh an tsamhraidh 1906, agus fairis an Dr Ó Síothcháin agus Pádraig Ó Cadhla an lá sin, bhí 'An Fear Mór', .i. Séamus Ó hEochadha (1880–1959), Diarmuid Stóice (c.1884–1910),⁶ agus duine de

laochra móra na Gaelainne agus an chultúir Ghaelaigh trí chéile i dtús na haoise seo caite, an Dr Oirmhinneach Risteard de Hindeberg (1863–1916).


Risteard de Hindeberg (1863–1916) agus ceol dúchais na muintire

Dála an fhir léinn gur i ndilchuimhne leis a fhoilsítear an iris seo, fear cinn riain ba ea de Hindeberg, múinteoir maith spreagthach a chuaigh i bhfeidhm go mór orthu siúd a tháinig faoina anáil. Bhí a mhodhanna féin aige, ní miste a rá. Thugadh sé an píobaire, Séamus Ó Broin, nó Jem Byrne (†1931), isteach sa rang leis ar uairibh agus é ag múineadh i gColáiste na Banríona Corcaigh, mar a raibh sé ina Ollamh le Ceiltis ó 1908 go dtí 1916. De réir an tsenchais, ba nós leis ar na hócáidí sin dosaen pórtair a dháileadh ar a raibh i láthair, d'fhonn blaiseadh den seansaol Gaelach a thabhairt d'óige na cathrach agus na Mumhan i gcoitinne! 'Nobody was ever his equal in original methods of discovering folklore' a deir údar amháin, Con O'Leary, mac léinn dá chuid tuairim an ama seo: 'He was known to all the beggars and street-singers of Cork. He sought the memories of very old men as his particular prize' (in *Gan ainm* 1935, 3).

Bhí cur amach as a óige aige ar cheol dúchais na hÉireann, ar ndóigh. B'amhránaí agus cainteoir dúchais Gaelainne í a mháthair, Eibhlín Ní Chaisín (*na.* 1829), agus fuair an scoláire go leor amhrán agus ceoil uaithi.⁷ Maireann fós roinnt taifeadtaí a dhein sé léi i gCnuasach Bhéalóideas Éireann.⁸ Chuir sé tras-scribhinní de chúig cinn d'amhráintí a fuair sé uaithi faoi bhráid an léitheora in *Irish Music: Being an Examination of the Matter of Scales, Modes, and Keys, with Practical Instructions and Examples for Players* (1903), an t-aon mhórfhoilsiúchán dá chuid ar chúrsaí ceoil a chonaic sé féin i gcló.

Tá macallaí láidre d'óráid shíolraitheach an Chraoibhín ón mbliain 1892, *The Necessity for De-Anglicising Ireland*, le sonrú i réamhaiste *Irish Music*, i roscaireacht ghríosaitheach, náisiún-tógálach an údair. Le ceol dúchais na hÉireann, deir sé:

We find ourselves in possession of a unique body of melody which . . . is of the most perfect type, and which has been transmitted to us orally and instrumentally from the remotest times. And notwithstanding disturbing influences of the gravest and most extensive kind now for a long time in operation, we still can display this inheritance of ours unimpaired. Singers still sing with absolute perfection, and there are fiddlers and pipers who, though strangely despised by a sadly de-educated nation, are even still in the enjoyment of the full wealth of native musical tradition (Henebry 1903, 1).



Risteard de Hindeberg (1863–1916), c.1899
(Coláiste na Rinne *le caoinchead*)

Má bhí go leor snáthanna is féitheanna éagsúla ina gcuid machnamh, bhí an Piarsach agus é féin de rinn aon bhéil i dtaca le rud amháin, pér sa domhain de: samhlaíonn de Hindeberg an dul ar gcúl anseo seachas an dul chun cinn le córas oideachais na linne. Amhail is go mbeadh sé ag tógaint ar thuairim de hÍde ‘[that] our music has become Anglicised to an alarming extent’ (Hyde 1894, 154), deir sé:

In exact conformity with the false ideals of Nationality foisted upon our people over a hundred years ago is the mistaken appreciation of Irish music The piano is supreme, and children are so diligently taught the do, re, me, fa, that it is doubtful if one in ten thousand of them can sing a song like its parents or whistle a reel within the limits of bare decency. And all this virulent obscurantism is carried on in the names of civilisation, education and progress (Henebry 1903, 9).

Bhí sé meáite ar a chur ina luí ar na ‘húdaráis’ sin a bhí gníomhach i gcur chun cinn an cheoil in Éirinn go raibh faillí á déanamh sa ngné seo den saíocht dúchais:

About five years ago I helped to judge the singing at the first Feis of Ardmore. Some neighbouring educational institutions had trained children to sing to the piano for the occasion. Of course beside traditional singers those were hopelessly outclassed, and judgement was passed against them accordingly. A controversy arose about the fairness of that judgement, and I endeavoured to show in the *Waterford Star* that the music which came within our purview was entirely distinct from piano music (Henebry 1903, 10).

Bhí Feis úd na bliana 1899 ins an Aird Mhór ar cheann de na feiseanna ba thúisce agus ba mhó a reachtáileadh sa Mumhain ag an am. Cé ná fuil aon ainm curtha leis an alt ‘Impressions of the Feis at Ardmore’ a foilsíodh sa *Waterford Star*, samhradh na bliana 1899, ní foláir (agus féith an ghrinn go láidir ann) nó gurbh é de Hindeberg a scríobh, agus gurb é seo an t-alt dá ndéanann sé tagairt thuas:⁹

There were traditional singers there, as true to their intervals as a bird. Others there were who had been taught to sing to the accompaniment of piano. Here one detected a deplorable falling off. The music was no longer Irish, the subtle melody shrank from the blare of that vulgar strummer as affrighted as the fairies are said to be at the shriek of the

locomotive. Somebody attempted to sing a *translation* from the English, ‘The Harp that once through Tara’s Hall’, but was met by such a howl of disapprobation as made it evident that Ardmore at any rate knew enough to tell Irish from English. People usually concurred in giving sway to Ellie Murphy from Clashmore. Meek, modest and simple, a perfect *Irish* child, she faced the throng and warbled with surpassing, with thrilling sweetness her little Irish melody exactly as she had learned it from her mother. The quick Irish audience was struck by a lightening flash; they listened in a breathless spell until she had finished, and then proclaimed by their roar of applause that their instinct was ever sure for the right thing. Her superiority over the artificially trained children was glaring (in Ó Conchubhair 2009, 92–93; an bhéim sa mbunscríbhinn)

Chítear dearcadh áirithe á nochtadh anseo, léamh ar an dúchas dob fhéidir a rianú siar go gluaiseacht na frith-Eagnaíochta agus túsre an Rómánsachais (Burke 1978). Ardaítear an cultúr dúchais, an fhírinne, os cionn an tsaoil nua-aoisigh, gurb iad an bhréagacht, an mheatacht agus an meath a chomharthaí sóirt (Ó Conchubhair 2009). Tá suáilcí an tuathánaigh Ghaelaigh le sonrú in Ellie Murphy, í ‘meek’, ‘modest’, ‘simple’; moltar a binneas, san áit go gcáintear callán agus steancánacht an nua-aoiseachais. Tá fás nádúrtha, orgánach ag roinnt leis an rud atá fírinneach. Ní rud é an ceol dúchais dob fhéidir a ‘fhoghlaim’; chaithfí é a ‘thógáil’ (Ó Laoire, 2002), is é sin é a shealbhú le hoidhreacht, mar chuid den chultúr beo.

Tuairimí iad seo a phléigh de Hindeberg ní ba shia i lámhscríbhinn tábhachtach eile leis, saothar nár foilsíodh go ceann dhá bhliain déag tar éis a bháis, mar atá *A Handbook of Irish Music* (1928). Thug sé moladh thar na bearta ansan do cheoltóirí áirithe, na píobairí Patsy Tuohy agus Séamus Ó Broin, ‘Píobaire an Choláiste’, cuir i gcás, agus an fídléir Tomás Ó Huigín, fear de bhunadh Chill Chainnigh, ‘the best bow hand to bow a reel that I have ever heard’ (Henebry 1928, 129).¹⁰ Ach ba iad na hamhránaithe a raibh ‘the long-linked, slow singing airs’ acu, ‘with all their marvelous encrustations of ornament and matchless technique’ (Henebry 1940, 328), ba mhó ar fad a chuaigh i gcion air. Chuaigh an ceol a chaomhnaíodar san ‘so far above and beyond all instrumentation that the sweetest finger that ever manipulated the vents of an Irish chanter or slid upon a finger-board would fail to get even the main tonality, let alone the embellishment’ (Henebry 1928, 49).

Bhí buaic an bhinnis le sonrú, dar leis, in ‘Seán Ó Duibhir an Ghleanna’ mar a bhí le clos ag Nioclás Ó Muirí de bhunadh Ráth Ó gCormaic; in ‘Sliabh na mBan’ mar a bhí ar marthain i measc na ndaoine i gCúl na Sméar agus i gCill Ghobnait; in ‘Ar Éirinn ní neosfainn cé hí’, le Frank Ó Cadhla; i ‘mBaile Lín’ le Mártan Draopar; in roinnt amhrán le Pádraig Ó Néill; agus, thar aon áit eile, in ‘Na Connerys’ le Micilín Shíle Ó Cathain, arbh ionann agus blaiseadh d’aoibhneas na bhFlaitheas leis a bheith ag éisteacht leis á rá (Henebry 1928, 49; Tóibín 1978, 32).¹¹

‘An diabhal, thá sé caillte agam a Athair!’: tionchar an tsagairt cheolmhair

Deir Ó Giolláin gurb é nádúr an stáit oifigiúil é a bheith ag síoroibriú i gcoinne nósanna agus saoldearcaí ná fuil ag teacht lena dhearcadh forásach féin. In Éirinn, agus an 19ú haois ag dul thar droim, ‘[c]ungaíodh saol an bhéaloidis agus osclaíodh saol nua-aoiseach . . . ionas gur tuigeadh do dhaoine go raibh deireadh tagtha leis an seansaol’ (Ó Giolláin 2005, 126).

Trí bhíthin lucht cur chun cinn na Gaelainne i gceantar na Rinne agus sna dúichí máguaird sna laethanta san, áfach, bhí teanga, nósanna agus cultúr na ndaoine trí chéile faoi mheas arís, agus cuid de chúinsí an tsean-shaoil nó svae na seanreachta i réim an athuair i saol na gnáthmhuintire. Tráchtann Seán Ó Cuirrín ar an tráth úd, óige an 20ú haois, mar an uain gur ‘thosaigh obair athbheochana na teanga sa Rinn’ (in Tóibín 1978, 10). Deir a chomhscoláire ar Scoil an Chalaigh, Nioclás Tóibín, gurbh ‘iontach ar fad an corraí a tháinig do na daoine’ ins an am san, ‘do mhuintir na Rinne agus do mhuintir na bparóistí i bhfoisceacht don Rinn. Mar a dúradar féin go mion minic, bhí an seana-shaol thar nais arís chucu. Bhí blianta óige curtha ina saol’ (Tóibín 1978, 15). Dála mar a dhein Scoil an Chalaigh roimhe, chuir forbairtí ar Bhóthar na Sop borradh mór faoin dúthaigh, agus ní i gcúrsaí léinn amháin é. Deir Ó Cuirrín:

Bhí ardán adhmaid ar sheastáin i gcoinne bráca a bhí sa mhacha agus is air sin a bhíodh an scoraíocht gach trathnóna bhreá. Is minic a sheas mé féin ar an ardán céanna chun amhrán a rá, agus b’ionadh leat a fhonnmhar a bhí na seandaoine chun dul ar an ardán ag amhránaíocht nó ag scéalaíocht (Ó Cuirrín 2000, 133–34).

Sa ghiota seo a leanas, roinneann Ó Cuirrín a chuimhní cinn linn ar chuairt áirithe a thug an Dr de Hindeberg agus a dheartháir Eoin (†1937), ar bhunscoil na Rinne in úrthosach na haoise, agus ar eachtra ghreannmhar spéisiúil a bhain dóibh i dtigh Mhuiris Léan, tigh ósta mhuintir Dhraopair ar ball, amach sa tráthnóna:

Lá breá gréine i dtosach an tsamhraidh stad cearr lasmuigh den Scoil. Thúirling sagart ceann-nocht agus fear óg agus bheannaíodar i nGaelainn thar tairsing isteach . . . Chuir an maighistir maith Foghlú, dar ndóigh, na tuartha fáilte rompu, agus bhí coirmcheoil ceart Gaelach againn an chuid eile den lá. Bhí an veidhlín ag an Dochtúir agus an phíb ag Eoin, agus dar ndóigh, shíleamar gurb é an ceol sí an ceol breá a sheinneadar dúinn. Ní raibh an Dochtúir i bhfad tar éis filleadh ó Merica an uair úd . . . Agus bhí an uirlis ba nua aige, is é sin an chóir aithris nó an Edison Phonograph¹² . . . D'imigh an cearr soir go dtí ti' Draper, nó ti' Mhuiris Léan mar a thugtaí air an uair úd, agus bhailigh na sluaite isteach . . . Dhein Eoin de Hindeberg céirníní ar an bpaiste ó chuid des na seanamhránaithe, agus cad é mar iontas a bhí ar gach aoinne nuair a tháinig an guth ceannann céanna amach as an gcóir aithrise. Is cuimhin liom amhrán a bheith a thógaint aige ó Shylvie Mhicil [Ó Muirithe (*na*. 1846)], 'Cath Chéim an Fhia' is dóigh liom, agus leis an bhfuta fata a bhí ar Shylvie nár chuaigh na focail amú air i dtosach an dara véarsa. Thosnaigh sé mar seo: 'Níor dh'fhan fear bean ná páiste', agus ansan stad sé agus dúirt: 'An diabhal, thá sé caillte agam a Athair!' sara bhféadfaí an chóir do stad. Nuair a tháinig cuimhne na bhfocal chuige lean sé air arís leis an amhrán. Ar ball is ea bhí an spórt agus an gáire nuair a tháinig 'An diabhal, tá sé caillte agam a Athair!' amach san aithimirt. Agus ar feadh blianta ina dhiaidh san ag an scoraíocht tráthnóna sa sean-Choláiste bhíodh an spórt céanna ann gach uair a sheinntí an céirnín sin, agus níorbh annamh é sin (Ó Cuirrín 2000, 131–32).

Tá fianaise shaibhir sa mhéid sin againn ar an gcuma inar dheineadh cuid de na taifeadtaí fuaime eitneagrafaíocha is túisce ar fad a thógadh in Éirinn, agus leid, b'fhéidir, ar an leas a bhaineadh ar ball as na buidéil ceoil céanna mar áiseanna teagaisc, le tréithe na teanga agus na hamhránaíochta ar an nós Gaelach i ndúthaigh Déise a léiriú, san ionad léinn nua a chuireadh ar bun i Maoil an Choirnigh.¹³ Ar ámharáí an tsaoil, tháinig an taifead áirithe seo slán anuas chugainn, sa tslí is go bhfuil sé d'ádthorainn inniu – go maith os cionn céad bliain ní ba dhéanaí – a bheith in ann cluas a thabhairt do na himeachtaí sin i dTigh Mhuiris Léan an lá úd, a bhfuil cuntas chomh saibhir sin againn orthu.¹⁴ Meabhraítear anseo dúinn, leis, a ndúirt Torna i dtaobh an tsagairt cheolmhair ins an eagarfhocal a chuir sé leis an *Handbook*, mar a n-áitíonn sé 'it is not as an antagonist that Dr. Henebry will live in the memories of those who loved him' (ag tagairt do mar phoileimiceoir tábhachtach), ach go dtráchtfaí go ceann i bhfad air, ina

measc-san a raibh aithne cheart acu air, mar dhuine a raibh acmhainn iontach grinn ann. Níos mó ná san ar fad, áfach, tá léamh *emic* anseo againn ar an tionchar a d'imir 'fionnachtaithe úd an dúchais', nó na 'external discoverers of folklore' seo ar phobal na Rinne in óige an 20ú haois, agus ar a dtagann chun críche, ar uairibh, '[when] someone enters the traditional community from outside and points to some feature of its culture – perhaps an object, song or custom – and says this is valuable' (Honko 1991, 35). Faoi anáil na gcuairteoirí, is léir go bhfuil feasacht áirithe ag fás agus ag teacht chun cinn i measc phobal an cheantair taca an ama seo i leith ghnéithe áirithe dá gcultúr dúchais – feiniméin ar a dtugann Honko 'the partial recognition of folklore from within' (ibid.).

Ag trácht don Tóibíneach ar an tréimhse chéanna sin, labhraíonn sé ar a shásta is a bhí sé nuair a tháinig 'feidhm na scríbhneoireachta' do a chéad-uair, agus an leas a shamhlaigh sé a bhaint aisti i gcaomhnú na n-ealaíon béil sa dúthaigh: 'ba é ba gheal agus ba róthaitneamhach liom' a deir sé, 'bualadh le seanóirí a raibh seanamhráin agus seanchainteanna deasa acu agus iad a thógáil síos uathu de réir mar b'acmhainn dom . . . B'aoibhneas liom a bheith inniúil ar a dhéanamh' (Tóibín, 1978: 16). Ba mhaith mar ba chuimhin leis-sean, chomh maith, cuairteanna na beirte Dochtúir, de Hindeberg agus Ó Síothcháin, in óige an 20ú haois, agus labhair sé go grámhar ar na laethanta sin a chaith sé faoina stiúir:

Agus mise ag éirí suas sa sráidbhaile beag againn i mBaile na nGall sa Rinn, bhí an seancheol Gaelach ag an seandream ann, ba chuma cad eile a bhí acu ina theannta, agus ansin tháinig an Dochtúir ó Síocháin agus an Dochtúir de Hindeberg, beirt scoláire gan cháim, an tslí. Bhí an Dochtúir de Hindeberg lán dá chuid uirlisí ceoil, go speisialta an phíb agus an veidhlín.¹⁵ Agus ina dteannta bhí an tseanchóir aithrise, an fónagraf, aige agus bhíodh sé ag gabháil timpeall i measc an tseandreama ag déanamh buidéal ceoil léi agus go deimhin, ba rógheannmhar cuid de na buidéil cheoil chéanna (Tóibín 1978, 15).¹⁶

Bhí aird á tarraingt anois sa dúthaigh, go háirithe ag de Hindeberg, b'fhéidir, ar na hamhráintí agus a luach; agus an tuiscint ag teacht chun cinn gur chuid d'oidhreacht leithleach ársa na muintire iad, nár mhiste a bheith gníomhach i mbun a gcaomhnaithe. Deir Honko gur minic gnéithe áirithe den chultúr dúchais thairis a chéile á mbrostú chun cinn ag an bpobal féin nuair a dhírítear aird faoi leith orthu ón taobh amuigh (Honko 1991, 35). Tharla san i gcás na n-amhrán i gceantar na nDéise, measaim, ag an uain

chiniúnach seo i saol an phobail, agus gheofaí a rá go bhfuil an t-amhrán chun cinn i nGaeltacht na nDéise ó shoin.

Faightear éachtaint shuimiúil ar an méid sin, mo thuairim, i gcnuasach an Tóibínigh, *Duanaire Déiseach* (1978) (saothar, dála *Handbook* de Hindenberg, nár foilsíodh go ceann dhá bhliain déag i ndiaidh bhás an údair), mar a thráchtann sé ar an bhfosc chun oibre a bhuail é tar éis do léamh agus scríobh na Gaelainne a thaithí. I gcuntas fíorspéisiúil amháin sa saothar san, míníonn sé dúinn mar ar chuir sé dúil a chroí in amhrán áirithe ná raibh le clos ach ag éinne amháin sa gcomharsanacht, fear ‘nár mhaith leat déanamh dána air mura mbeadh aithne agat air’:

Nuair a tháinig an lá go rabhas ag lorg agus ar thóir seanamhrán agus seanrann d’airíos go raibh amhrán áirithe ag Peaid the Lady [Ó Muirthe (1841–1923)¹⁷], amhrán nach raibh ag duine beo eile ach aige féin. Chuir sin cíocras orm féin agus bhí sé ag teacht idir mé féin agus codladh na hoíche conas teacht ar ‘An Corrán’¹⁸ . . . ó Pheaid (Tóibín 1978, 43).

D’éirigh leis, sa deireadh, an t-amhrán a bhreacadh ón Muiritheach, agus ba mhór an t-iontas don bhfaisnéiseoir a léamh thar n-ais chuige chomh mear le hop tar éis a scríofa! Tuigtear ón Tóibíneach anseo go raibh ‘An Corrán’ agus go leor amhrán eile i mbaol a gcaillte ag an am; iad le sciobadh ó bhéal na huaighe, gan i ndán dóibh a theacht slán ach de ghob pinn. Is é an dearcadh céanna sin – *après moi le déluge* – is bonn le ‘salvage paradigm’ an staraí agus an antraipeolaí, James Clifford – ‘a desire to rescue something “authentic” out of destructive historical changes’ (1989, 74). Baineann an bharántúlacht leis an ré atá thart, an aimsir sin ‘just prior to the present (but not so distant or eroded as to make collection or salvage impossible)’ (ibid.). Is é gnó an bhailitheora, dá réir, cuntas a thabhairt ar a bhfuil á cháilliúint in alt na huaire, agus is é sin, measaim, a spreag an Tóibíneach le dul i mbun bailithe ina cheantar dúchais féin mar a dhein ag tús an 20ú haois.

Iarfhocal

Meabhraíonn Seán Ó Cuirrín dúinn gur beag an t-athrú a thagann ar an saol i ngnáthpharóiste ó haois go haois muna dtarlaíonn rud éigin neamh-choitianta ‘nó go dtagann gluaiseacht éigint a thabharfadh an t-athrú sin chun críche’ (2000, 130). Ba é an dála sin ag an Rinn Ó gCuanach é, dar leis, agus shonraigh an deifir mhór idir an saol mar a bhí agus mar atá chomh

fada le dearcadh an phobail i leith na teanga. Ba í gluaiseacht athbheochana na Gaelainne ba chionsiocair leis an athrú mór sin ina shúile-sean:

Sin stair iontach a chonaic daoine dem chomhaois-se á deanamh i bparóiste beag suarach mar an Rinn. Ní bréag ‘paróiste suarach’ do lua, mar ní raibh sa Rinn le linn m’óigese ach paróiste bocht suarach a raibh drochmheas ag cléir agus tuath ar a paróisteánaigh chionn gur Ghaelainn ba theanga teallaigh ann. Mar adúirt fear ar Ché Eochaille leis an Dochtúir de Hindeberg nuair a cheistigh sé é i dtaobh iascairí ar chuala sé Gaelainn ar siúl acu: ‘Them’s what we does be calling the Turks’. Sin mar a thugaidís ar iascairí bochta na Rinne an uair úd (Ó Cuirrín 2000, 135).

Ar an toradh ba mhó a bhí ar na himeachtaí seo ar fad ag tús an 20ú haois, tá gur chuireadh an dearcadh drochmheastúil seo ar an nGaelainn ar ceal cuid mhaith sa dúthaigh atá faoi chaibidil anseo. Agus an Ghaelainn ag tráchaint sna ceantracha máguaird, ní hamhlaidh a bhí sa Rinn ná sa Sean-Phobal. Faoi choimirce Chonradh na Gaeilge, leagadh na fothaí ar ar thógadh Iolscoil na Mumhan sa dúthaigh in 1903. Ba é casadh na taoide é ó thaobh slánú na Gaelainne agus chultúr na Gaelainne trí chéile sa gceantar, agus gheofaí a rá go raibh an traidisiún amhránaíochta agus amhráintí na ndaoine lárnach sa scéal.

Liosta léitheoireachta agus taifeadtaí fuaime

- ‘ac Gearailt, Breandán (eag.). 2010. *An Blas Muimhneach*, Iml. 2 (Baile Átha Cliath)
- Burke, Peter. 1978. *Popular Culture in Early Modern Europe* (Nua Eabhrac)
- Clifford, James. 1989. ‘The Others: Beyond the “Salvage” Paradigm’, *Third Text* 3 (6), lgh 73–78
- de Chlanndiolúin, Séamus. 1911. ‘Irish Traditional Music’, *An Claidheamh Soluis*, 29 Iúil, lch 19
- ‘an ainm. 1935. ‘The Drolleries of Dr Henebry: Scholar, Dreamer, Humourist’, *The Waterford News*, 1 Feabhra, lch 3
- Henebry, Richard. 1940. ‘Ceól na hÉireann’, *Capuchin Annual*, lch 328
- , 1928. *A Handbook of Irish Music* (Corcaigh)
- , 1903. *Irish Music: Being an Examination of the Matter of Scales, Modes, and Keys, with Practical Instructions and Examples for Players* (Baile Átha Cliath)
- , 1899. ‘Impressions of the Feis at Ardmore’, *An Claidheamh Soluis* 1 (25), lgh 390–91
- Honko, Lauri. 1991. ‘The Folklore Process’, *The Folklore Fellows Summer School Programme*, lgh 25–47

- Hyde, Douglas. 1909 [1893]. *Abhráin Grádh Chúige Connacht or Love Songs of Connaught* (Baile Átha Cliath)
- , 1894. ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland’. In *The Revival of Irish Literature: Addresses by Sir Charles Gavan Duffy, K.C.M.G., Dr. George Sigerson and Dr. Douglas Hyde*, arna chur in eagar le Charles Gavan Duffy, 117–61 (Londain)
- Mac Aonghusa, Proinsias. 1993. *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1993* (Baile Átha Cliath)
- Mac Craith, Nioclás. 2015. ‘Amhráintí den Sean-Shaol’, AN LINN BHUÍ 19, lgh 179–90
- , 2005. *Comóradh Céad Bliain Iolscoil na Mumhan .i. Coláiste na Rinne, 1905–2005* (Rinn Ó gCuanach)
- Ó Cadhla, Stiofán. 2016. ‘Cuairt an tSeabhaic ar na Déise 1908: Dialann Seachtaine Phádraig Uí Shiochfhradha’, AN LINN BHUÍ 20, lgh 82–101
- Ó Cadhla, Labhrás. 2000. *Amhráin Ó Shliabh gCua* (RTÉ 234 CD)
- Ó Cionnfhaoilaidh, Micheul (eag.). 1956. *Beatha Mhichíl Turraoin* (Baile Átha Cliath)
- Ó Conchubhair, Brian. 2009. *Fin de Siecle na Gaeilge* (Indreabhán)
- Ó Cuirrín, Seán. 2000. ‘Stair na Rinne Lem Linnse’, AN LINN BHUÍ 4, lgh 130–35
- , (aistr.). 1933. *Dracula* (Baile Átha Cliath)
- , (eag.). [1924]. *Scribhne Risteird de Hindeberg* (Baile Átha Cliath)
- Ó Domhnaill, Michéal. [1987]. *Iolscoil na Mumhan ris a ráitear an tan so Coláiste na Rinne* (Rinn Ó gCuanach)
- Ó Donnchadha, Eamonn. 1924. ‘Dr. Henebry’s Unpublished Manuscript.’ *The Leader* (25 Deireadh Fómhair), lgh 282–85
- Ó Gealbháin, Ciarán. 2015. ‘“Na Prátaí Dubha” agus Déantúis Eile a Leagtar ar Mholly na Páirce’, AN LINN BHUÍ 19, lgh 41–62
- , 2016. ‘Risteard de Hindeberg agus a Chomhluadar Ceoil, Samhradh 1905’, AN LINN BHUÍ 20, lgh 151–78
- Ó hÓgáin, Dáithí (eag.). 1994. *Binneas Thar Meon*, iml. 1. (Baile Átha Cliath)
- Ó Súilleabháin, Seán. 1937. *Diarmuid na Bolgaighe agus A Chómhursain* (Baile Átha Cliath)
- Power, Patrick. 1937. *Waterford and Lismore: A Compendious History of the United Dioceses* (Corcaigh)
- Schuller, Dietrich (eag.). 2003. *The Collections of Rudolf Trebitsch: Celtic Recordings – Ireland, Wales, Brittany, Isle of Man, and Scotland* (1907–09), series 5/2 (OEAW PHA CD 14/1)
- Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach* (Baile Átha Cliath)
- Ziegler, Susanne. 2012. ‘From Waterford to Berlin and Back to Ireland: Richard Henebry’s Wax Cylinder Recordings and the Berlin Phonogramm-Archiv’. In: Smith, Thérèse eag. *Ancestral Imprints: Histories of Irish Traditional Music and Dance* (Corcaigh)

Tagairtí

1 .i. An tAthair Seán Mac Anna (*na.* 1842), Sagart Paróiste na Rinne agus an tSean-Phobail, 1895–1910. Bhí an Ghaelainn ar a thoil aige féin, ach é glan i gcoinne a teagasc. Féach Power 1937, 250; Ó Domhnaill 1987, 11–12; agus Ó Cadhla 2016, 89 agus 100 n. 22. 2 Ba é an Cuirrín a chuir eagar ar chuid de scríbhinní an Dra Risteard de Hindeberg tar éis a bháis, mar atá *Scríbhne Risteard de Hindeberg* [1924], agus bhí lámh nach beag aige féin agus a bhean, Treasa Ní Ailpín, i bhfoilsíú *A Handbook of Irish Music* (1928) an údair chéanna, leis. Sna miontríochaidí, dh'fhoilsigh An Gúm an t-aistriú máistriúil Gaelainne aige ar *Dracula* Bram Stoker. 3 Féach agus clos ‘“Altes Gedicht (Lied)”’, Seumas O’Ceallaigh’, 27 Iúil 1907, in Schuller 2003, rian 9. 4 Bhogadh cuid den bhfoirgneamh seo ar roithleáin ó Bhóthar na Sop go Maoil an Choirnigh i 1918. Chuireadh leis i 1919, agus tá sé fós in úsáid inniu mar sheomra ranga ar champus Choláiste na Rinne. An ‘Tigh Dubh’ a ghairmtear de. Féach Ó Domhnaill 1987, 68. 5 I 1908, cheannaíodh seanfhothrach i Maoil an Choirnigh ó thiarnaí na dúthaí, Muintir Villiers Stuart, agus chromadh ar a ghléasadh mar scoil chónaitheach. Dh’osclaíodh é ar 7 Meán Fómhair 1909, agus is ann inniu atá Coláiste na Rinne. Féach Mac Craith 2005. 6 Fear ba ea an Stóiceach a raibh féith na filíochta ann. Clos ‘An Píleir agus an Sáirsint’ agus ‘Caoineadh Dhiarmuid Stokes’ ar Ó Cadhla 2000, rianta 17 agus 18 faoi seach. Gheofar cuntas a bheatha in Mac Craith 2005, 66–8. 7 Féach, mar shampla, Henebry 1903, 33–4, 36 agus 1928, 90, 100, 111, 123, 170; 181, 207, 224, 239, 240, 241, 249, 261, 271, 274, 278, mar a bhfaightear trasríbhinní ar chuid éigin dá stór amhrán. 8 Taifeadtaí de Hindeberg, Cnuasach Bhéaloideas Éireann: fiteáin 3, 4, 5 agus 13. 9 Athfhoilsíodh an t-alt seo in *An Claidheamh Soluis*, iml. 1, Uimhir 25, 2 Meán Fómhair 1899, lgh 390–91. 10 Tá samplaí as cnuasach de Hindeberg (ar thaifeadtaí dá chuid féin cuid acu, agus ar leis an mbailitheoir Francis O’Neill (1848–1936) cuid eile, fiteáin a sheoil sé ós na Stáit Aontaithe chun an Athar de Hindeberg mar bhronntanas in 1907, ina measc), le clos ag an suíomh: <http://epu.ucc.ie/henebry>. Breathnaithe ar 29 Samhain 2019. 11 Féach is clos <https://www.itma.ie/digital-library/sound/nacconnerys-micheal-o-cathain>. Breathnaithe 28 Samhain 2019. 12 Tá cóir aithrise seo de Hindeberg, ‘Ediphone Home Phonograph’, ar taispeáint inniu i leabharlann Thaisce Cheol Dúchais Éireann (TCDE). Bhronn iníon Eoin de Hindeberg ar an Ollamh Seoirse Bodley é, tuairim na bliana 1965, maille le cnuasach buidéal a hathar agus a huncail. Bhronn an tOllamh Bodley an t-iomlán ina thuras féin (14 buidéal miotail, 38 buidéal céireach) ar TCDE in 1998. Féach Nic Dhonnchadha, in Ó Cuirín 2000, 135. 13 Féach, mar shampla, a deir de Chlanndiolúin (1911, 19) maidir leis an úsáid a bhaintí as an bhfónagraf i gColáiste na Rinne tuairim an ama chéanna: ‘Get the phonograph to work and let it collect the rich harvest to be gathered in Ring, in Ibh Rathach, in West Clare, in Tuam, in any Irish speaking district. Bring it to the League class, turn it on after your day’s work. If possible, when learning a song from it keep the words before your eyes. The results will be as good as if you were in the heart of the Gaedhealtacht. At Ring College, much is being done in this way. . . .The phonograph should be

used to record the best songs of their best singers, and the records published. If the same were done in the various Irish speaking districts Irish music would be safe forever'. In áit eile, deir iarscoláire de chuid de Hindeberg i gColáiste na Banríona Corcaigh, Con O'Leary, an méid seo a leanas maidir leis an leas a bhaintú as na taifeadtaí sa gcomhthéacs sin: 'I cannot convey a sense of our enchantment as the Doctor, by means of these . . . records caught from the dying lips of Gaelic-speaking Ireland, made known to us a country of which we were conscious that we had the echo in our own hearts but which was in some respects stranger to us than if it were situated in another continent' (in Gan ainm 1935, 3). **14** Féach is clois <https://www.itma.ie/features/playlists/itma-henebry-cylinder-recordings-2>. Breathnaithe 27 Samhain 2019. **15** Deir an Canónach Pádraig de Paor (1862–1951) ná raibh a shárú ann i mbun ceoil lena linn: 'Dr. Henebry's favourite hobby was the National Music of Ireland. As an exponent of traditional Irish music, he probably had no living equal', fad is go ndeir an t-údar agus an gníomhaí teangan, Seán Ó Cadhla (1860–1942), ina thaobh go 'gcorróghadh sé an chuise ag an marbhán. Go mbeadh an teach ar fad ag bogadh agus ag luascadh aige agus go gcaithfeadh an troscán bheith sa rinnce chomh maith leis na daoine' (in Ó Donnchadha 1924, 283). **16** Ar na taifeadtaí is fearr ar fad den méid a thóg de Hindeberg sa ghort in óige na haoise seo caite agus a tháinig slán anuas chughainn trí oirchill Dé, tá an chuid sin dá chnuasach atá anois ar coimeád in TCDÉ i mBaile Átha Cliath agus sa Berliner Phonogramm-Archiv (BPA), i gcathair Bheirlín na Gearmáine. Is ar dhátaí éagsúla i mí dheireadh an tsamhraidh na bliana 1905 a thógadh na taifeadtaí seo. Féach <https://www.itma.ie/goilin/playlist/itma-henebry-cylinder-recordings-1905>. Breathnaithe 18 Samhain 2019. Le haghaidh cur síos ar a bhfuil ar marthain sa gcnuasach seo, féach Ziegler 2012 maille le Ó Gealbháin 2015 agus 2016. **17** Táim buíoch de Nioclás Mac Craith, beannacht Dé leis, as a dhátaí agus eolas eile i dtaobh an Mhuirithigh a roinnt liom. Comhrá pearsanta, 22 Iúil 2015. **18** Amhrán is ea é seo a leagtar ar Stiabhna Ó Séaghdha (Stiabhna Siúsaic), spailpín de bhunadh Thuath ó Siosta i gcontae Chiarraí ó dhúchas, a chaith tréimhsí fada síos amach insna Déise san 19ú haois. Is insna Cumaraigh a chuir sé faoi sa deireadh, is cosúil. Thug sé tamall ag obair abhus do mhuintir Chíosóig (Cusack), agus is de sin an leasainm 'Siúsaic'. Féach Ó Súilleabháin 1937, 146; 149–50; 194 agus 'ac Gearailt 2010, 325–27. Le haghaidh leaganacha eile den déantús seo a bhailíodh insna Déise, féach CBÉ 85:281–83 ('An Crán'); 153:622–24 ('An Crán'); 275:145–47 ('An Corrán'). Féach chomh maith, Ó Cionnfhaoilaidh 1956, 39–40.